Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2026
(OR. en)

10883/26
ADD 1

LIMITE

CORLX 650
CFSP/PESC 956
CONOP 43

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE mar thaca le limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm ollscriosta (LSÓAOS sa Mheánoirthear) i dtimpeallacht slándála réigiúnach shíorathraitheach - Iarscríbhinn |

**Doiciméad Tionscadail**

**Ag tacú le limistéar saor ó airm ollscriosta sa Mheánoirthear i dtimpeallacht slándála réigiúnach shíorathraitheach**

PUBLIC

## Comhthéacs agus Réasúnú

Is dúshlán tromchúiseach leanúnach i gcónaí iad Airm Ollscriosta (AOS) sa Mheánoirthear. Tá dúshláin núicléacha sa réigiún le fada, lena n-áirítear easpa rannpháirtíochta i gconarthaí idirnáisiúnta, cláir neamhdhearbhaithe núicléacha agus cláir neamhdhearbhaithe arm ollscriosta eile, saincheisteanna nach bhfuil fós réitithe maidir le coimircí, agus neamhchomhlíonadh leanúnach, agus tá mímhuinín réigiúnach fós ann de bharr gur aimsíodh roimhe seo nach bhfuil coimircí fós á gcomhlíonadh.

Ina theannta sin, baineadh úsáid as airm cheimiceacha sa réigiún le blianta beaga anuas, agus is ábhartha fós na ceisteanna maidir le bheith ag cloí leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha agus leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (CABT) mar gheall ar neamh-rannpháirtíocht agus neamhchomhlíonadh.

Ag cur leis na dúshláin sin, tá gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad tar éis airm cheimiceacha a shaothrú agus a úsáid freisin, rud a léiríonn creimeadh na norm seanbhunaithe maidir le neamhleathadh agus an deacracht a bhaineann le forfheidhmiú i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus rialachas lag. Tá méadú tagtha freisin le déanaí ar an reitric núicléach i measc na scothaicme sa réigiún atá i bhfách le hairm núicléacha a fhorbairt, iad a úsáid i gcoinbhleachtaí, nó díriú ar bhonneagar núicléach, rud a chuir leis an mbaol a bhaineann le hairm núicléacha, an fhéidearthacht go mbainfeadh an teannas agus an choinbhleacht a bhíonn ann de ghnáth le réimse na n-arm ollscriosta, agus an phráinn mhéadaithe a bhaineann le limistéar saor ó airm ollscriosta a bhunú sa Mheánoirthear.

Ós amhlaidh atá, mar aon leis an marbhántacht sa taidhleoireacht réigiúnach maidir le rialú arm, leagtar béim ar an ngá atá le hidirphlé a chur chun cinn maidir le dí-armáil réigiúnach, neamhleathadh agus rialú arm agus teacht ar bhealaí ina gcothófar rannpháirtíocht réigiúnach.

**Cuspóirí**

Is é is aidhm do Thionscadal Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR) atá beartaithe tacú le tionscnamh LSÓAOS sa Mheánoirthear trí na ceithre phríomhchuid a bheidh in LSÓAOS sa Mheánoirthear amach anseo a chur chun cinn: (1) neamhleathadh, (2) dí-armáil, (3) comhar síochánta, agus (4) fíorú agus coimircí.

Glacann an tionscadal cur chuige iomlánaíoch trí thaighde, fothú acmhainneachta, idirphlé agus comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara agus rialtais réigiúnacha a chomhtháthú. Trí thaighde beartais, cuirfidh an tionscadal an bonn fianaise is gá ar fáil chun bonn eolais comhroinnte a chruthú agus chun gur féidir cinnteoireacht eolasach a dhéanamh; cuirfidh gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta feabhas ar scileanna agus ar eolas na bpáirtithe leasmhara réigiúnacha chun réitigh féideartha a shainaithint agus teacht ar bhealaí lena gcur chun feidhme; trí idirphlé, éascóidh an tionscadal bealaí cumarsáide agus spás chun smaointe maidir le díghéarú, cothú muiníne agus comhair a shainaithint, lena n-áiritheofar go gcuirfear dearcthaí éagsúla san áireamh; agus le comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara réigiúnacha agus le rialtais réigiúnacha, éascófar iarrachtaí comhordaithe agus comhroinnt acmhainní.

Ina theannta sin, léiríonn an tionscadal na príomhthorthaí agus iad aistrithe go teangacha réigiúnacha chun a áirithiú go mbeidh rochtain leathan orthu agus go scaipfear go forleathan iad, rud atá ríthábhachtach chun dul i bhfeidhm ar phobal leathan agus chun tuiscint agus tionchar forleathan a chothú.

Cuimseoidh na gníomhaíochtaí na ceithre thopaic théamacha:

- Neamhleathadh chun aghaidh a thabhairt ar chumais na n-arm ollscriosta atá ann cheana agus ar na bagairtí a bhaineann leo agus chun nach ann dóibh amach anseo.
- Dí-armáil chun céimeanna a shainaithint maidir le hairm ollscriosta a dhíothú, le tacaíocht ó shásraí atá ann cheana agus ó shocruithe réigiúnacha nuálacha chun tacú leis na próisis sin.
- Comhar síochánta chun iarrachtaí comhoibríocha nua a shainaithint agus feabhas a chur ar na hiarrachtaí comhoibríocha atá á ndéanamh cheana chun muinín a chothú, teannas a laghdú, bearta trédhearcachta a shainaithint, agus cuspóirí eolaíochta, teicneolaíochta agus forbartha an réigiúin a neartú.
- Fíorú agus coimircí chun bearta teicniúla a shainaithint ar mhaithe lena n-áirithiú go gcomhlíonfar na gealltanais atá tugtha ag stáit réigiúnacha faoi láthair mar aon leis na gealltanais a thabharfaidh siad amach anseo

Déanfar amhlaidh tríd an tionscadal agus aghaidh á tabhairt ar fhorbairt na timpeallachta slándála réigiúnaí agus idirnáisiúnta, ar sainghné di coinbhleachtaí atá ag dul in olcas, an tábhacht mhéadaithe a leagtar ar airm núicléacha, lena n-áirítear forbairt, tástáil, úsáid agus aistriú na n-arm sin, dul chun cinn na teicneolaíochta, leas réigiúnach méadaitheach san fhuinneamh núicléach agus comhar maidir le cláir shibhialta, athruithe diúltacha agus dearfacha i mbeartais sheanbhunaithe maidir le hairm ollscriosta, agus deiseanna taidhleoireachta atá ag teacht chun cinn.

Ina theannta sin, déanfar scrúdú ar an tionchar a bheidh ag na treochtaí sin, agus ag na dúshláin slándála réigiúnacha atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, ar raon feidhme agus ar struchtúr an limistéir agus dá indéantacht. Faoin tionscadal, cuirfear tacaíocht ó shaineolaithe ar fáil freisin do phróisis reatha agus do na cinn a bheidh ann amach anseo a bhaineann leis an tslándáil réigiúnach agus le LSÓAOS sa Mheánoirthear. Déanfar príomhthorthaí agus príomhchonclúidí an tionscadail a scaipeadh agus a chur in iúl do ghníomhaithe agus do pháirtithe leasmhara ábhartha mar chuid de na gníomhaíochtaí faoin tionscadal a bhaineann le haistriú eolais agus rannpháirtíocht i gcruinnithe réigiúnacha agus i bpróisis iltaobhacha.

**Modheolaíocht**

Ag tógáil ar an gcéad dá chéim, faoinar bunaíodh boinn eolais chomhroinnte maidir le himeachtaí agus iarrachtaí stairiúla, lenar áirithíodh tacaíocht ó stáit réigiúnacha, agus lenar sainaithníodh bearta um chomhfhogasú beartas chomh maith le réimsí ina bhféadfaí tuilleadh taighde agus gníomhaíochtaí a dhéanamh, cuirfear leis na hiarrachtaí sin agus déanfar iad a fhorbairt sa chéim seo den tionscadal. Ar na tátail agus na gníomhaíochtaí is tábhachtaí sna céimeanna roimhe seo, áiríodh tograí chun muinín a chothú trí idirphlé il-leibhéil agus rannpháirtíocht chuimsitheach, chun an chuimhne institiúideach a neartú trí uirlisí ar líne a fhorbairt, agus chun fíorú agus comhlíonadh a fheabhsú trí úsáid a bhaint as na creataí idirnáisiúnta atá ann cheana. Leagadh béim freisin ar na ceachtanna a foghlaimíodh sna comhaontuithe agus sa chaibidlíocht a rinneadh roimhe seo, ar dhreasachtaí, agus ar an spreagadh slándála le haghaidh rannpháirtíocht réigiúnach, lena n-áirítear na coigeartuithe a rinne stáit réigiúnacha tar éis an phlean chuimsithigh chomhpháirtigh ghníomhaíochta agus mhí Dheireadh Fómhair 2023. Leagadh amach ann freisin módúlachtaí agus raon feidhme an chonartha, lena n-áirítear an dá phríomhchonair i dtreo dí-armáil núicléach. Cumhdaíodh i dtorthaí an tionscadail freisin saincheisteanna amhail córais seachadta, comhtháthú arm ceimiceach agus bitheolaíoch faoi raon feidhme na dtoirmeasc, lena n-áirítear socruithe sonracha a d’fhéadfadh a bheith déanta ag an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (ETFA) agus bearta réigiúnacha comhlántacha, comhar réigiúnach maidir le fuinneamh núicléach síochánta, tionchar méadaitheach na hintleachta saorga agus na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar na rioscaí a bhaineann le hairm ollscriosta agus rialú arm, agus léargais chomparáideacha ó limistéir atá saor ó airm núicléacha cheana féin maidir le ról na stát seachréigiúnach. Rachaidh comhtháthú na modhanna anailíse beartais agus taighde chun sochair na ngníomhaíochtaí maidir leis na ceithre ábhar théamacha. Áirítear orthu sin idirphlé, fothú acmhainneachta, seisiúin faisnéise speisialaithe, cleachtaí ionsamhlúcháin agus boird, aistriú eolais, agus comhpháirtíochtaí réigiúnacha.



PUBLIC

**Gníomhaíochtaí agus Aschur Ionchasach**

Neamhleathadh

Faoin tionscadal, féachfar ar na naisc idir próiseas an limistéir shaoir ó airm ollscriosta sa Mheánoirthear (LSÓAOS sa Mheánoirthear) agus treochtaí réigiúnacha agus domhanda i ndáil le dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm, agus sainaithneofar deiseanna chun na naisc sin a neartú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda. Déanfar measúnú freisin ar dhinimicí réigiúnacha i ndáil le leathadh, lena n-áirítear forbairtí a bhaineann le hardchumais mhíleata, acmhainneachtaí féideartha neamhghnácha, agus réimsí imní atá ag teacht chun cinn maidir le hairm ollscriosta.

Éascóidh an tionscadal rannpháirtíocht réigiúnach i measc ionadaithe rialtais agus saineolaithe chun dearcthaí náisiúnta a mhalartú maidir le bagairtí agus dúshláin a bhaineann le hairm ollscriosta agus chun cineálacha cur chuige cuiditheacha agus bearta um chomhfhogasú a shainaithint chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tacóidh an tionscadal freisin le hiarrachtaí chun acmhainneacht réigiúnach dhlíthiúil, theicniúil agus taidhleoireachta a neartú trí fheabhas a chur ar an tuiscint ar na creataí agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le neamhleathadh — lena n-áirítear na cinn faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, faoin gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thoscaine, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha — chomh maith le ceachtanna ó limistéir saor ó airm núicléacha atá ann cheana agus a n-ábharthacht do phróiseas an limistéir shaoir ó airm ollscriosta sa Mheánoirthear (LSÓAOS sa Mheánoirthear).

Faoi na gníomhaíochtaí sin, cuirfidh an tionscadal ***páipéar taighde amháin*** ar fáil ina scrúdófar na sineirgí idir an limistéar saor ó airm ollscriosta sa Mheánoirthear agus treochtaí réigiúnacha agus domhanda maidir le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm, agus deiseanna á sainaithint ag an am céanna chun iad a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda. Tionólfar ***idirphlé amháin*** freisin chun tús a chur leis an bplé idir ionadaithe agus saineolaithe rialtais agus tacú leis, chun dearcthaí náisiúnta a roinnt maidir leis na bagairtí agus na dúshláin a bhaineann le hairm ollscriosta sa réigiún, agus chun bearta um chomhfhogasú a shainaithint chun aghaidh a thabhairt orthu.



PUBLIC

Dí-armáil

Le gníomhaíochtaí an tionscadail, féachfar ar ar tharla roimhe seo i dtaobh dí-armáil arm ollscriosta i réigiúin éagsúla agus i gcomhthéacsanna éagsúla idirnáisiúnta, agus tabharfar suntas do na ceachtanna sin agus do na léargais sin atá ábhartha don Mheánoirthear. Éascófar freisin, a bhuí leis an tionscadal, plé struchtúrtha cásbhunaithe chun conairí éagsúla, roghanna seicheamhaithe agus dreasachtaí éagsúla a mheas chun dí-armáil réigiúnach arm ollscriosta a chur chun cinn faoi dhálaí éagsúla polaitiúla agus slándála. Ina theannta sin, tacóidh an tionscadal le rannpháirtíochtaí um neartú acmhainneachta i gcás páirtithe leasmhara taidhleoireachta agus i gcás na sochaí sibhialta chun feabhas a chur ar an tuiscint atá acu ar chuir chuige fíorúcháin i dtaobh na dí-armála a chuirfeadh bonn eolais faoi thionscnaimh réigiúnacha agus a chothódh na tionscnaimh sin.

Faoin raon sin gníomhaíochtaí, cuirfidh an tionscadal ***aon pháipéar amháin taighde*** ar fáil ina ndéanfar anailís ar na príomhdhinimicí, na príomhdhúshláin agus na príomhcheachtanna atá ábhartha maidir le dí-armáil arm ollscriosta a chur chun cinn agus maidir lena fíorú sa Mheánoirthear, agus béim á leagan ar an gcaoi a bhféadfadh taithí idirnáisiúnta agus réigiúnach bonn eolais a chur faoin obair a dhéanfar amach anseo. Áireofar ann freisin staidéar féidearthachta maidir le ceanglais, coincheapa agus bealaí a bhféadfar próiseas réigiúnach fíoraithe dí-armála a chur chun feidhme. Tionólfar ***aon imeacht amháin*** freisin faoin tionscadal ina dtabharfar lucht ceaptha beartas le chéile le saineolaithe teicniúla agus páirtithe leasmhara na sochaí sibhialta chun a gcuid léargais éagsúla a mhalartú, chun breathnú ar bhealaí praiticiúla chun cinn, agus chun treisiú leis an gcomhthuiscint ar ghnéithe polaitiúla, dlíthiúla agus teicniúla na dí-armála sa chomhthéacs réigiúnach. Féachfar freisin ar an seicheamhú agus ar dhreasachtaí do dhí-armáil réigiúnach na n-arm ollscriosta.

Comhar Síochánta

Rachfar i mbun taighde, faoi chuimsiú an tionscadail seo, chun breathnú ar bhealaí a bhféadfaí an t-amhras ó réigiún go chéile a laghdú agus cur leis an leibhéal muiníne trí chuir chuige chomhoibritheacha neamh-mhíleata a shamhlú leis na hábhair imní slándála. Leis an obair sin, cuirfear leochaileachtaí coiteanna an réigiúin san áireamh agus déanfar measúnú ar an gcaoi a gcuideodh creataí comhoibríocha leis an gcobhsaíocht agus ar an gcaoi a laghdóidís a oiread a théitear i dtuilleamaí an chomhéigin. A bhuí le hobair anailíseach, féachfar ar chuir chuige choincheapúla maidir le comhar réigiúnach lena bhféadfar eolas, bonneagar agus cumais a chomhroinnt ar bhealach sábháilte, freagrach agus cothrom chun críoch síochánta eolaíoch agus teicneolaíoch, agus leas á bhaint as an taithí ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnach.

PUBLIC

Sainaithneofar bealaí marthanacha le dul i mbun rannpháirtíochta réigiúnaí eolaíochta agus beartais, déanfar na bealaí sin a fhorbairt agus tacófar leo chun idirphlé a spreagadh i measc pobail acadúla, taighde agus beartais, agus freisin i measc na sochaí sibhialta, agus déanfar an comhar, an chomhroinnt eolais agus an plé réamhbhreathnaitheach ar fheidhmeanna síochánta agus ar chothú muiníne trí bhíthin na heolaíochta a chur chun cinn.

Faoin raon sin gníomhaíochtaí, foilseoidh an tionscadal ***aon pháipéar amháin taighde*** ina leagfar amach creataí coincheapúla le haghaidh comhar réigiúnach lena dtacófar le húsáid shábháilte, fhreagrach agus chothromasach cumas eolaíoch agus teicneolaíoch síochánta, agus ina luafar a mhéid a foghlaimíodh ó thaithí ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear na socruithe limistéarbhunaithe atá ann cheana. Sainaithneofar sa taighde creataí conradhbhunaithe nó bearta trédhearcachta chun an mhímhuinín a laghdú agus cur leis an leibhéal muiníne trí shlándáil réigiúnach a nascadh leis an neamhleathadh, trí aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí comhroinnte, agus tríd an spleáchas ar réitigh mhíleataithe a laghdú.

Tionólfar ***aon chruinniú comhchéime amháin*** freisin, faoi chuimsiú an tionscadail, cruinniú ina dtabharfar pobail acadúla le chéile le pobail taighde agus beartais chun an comhar eolaíochtbhunaithe a chur chun cinn, chun dea-chleachtais a roinnt, agus chun féachaint ar chuir chuige cothaithe muiníne agus ar thionscnaimh chomhpháirteacha taighde a shamhlaítear le feidhmeanna síochánta agus le dúshláin réigiúnacha chomhroinnte. Caithfear súil ghéar ar na tosca bunaidh, lena n-áirítear an iomaíocht le haghaidh acmhainní, sábháilteacht an bhonneagair chriticiúil, an ardteicneolaíocht, agus na héilimh fuinnimh i dtaca leis an tsláinte, fuinneamh, bia, uisce agus slándáil chomhshaoil, agus caithfear súil ghéar freisin ar shásraí comhoibríocha lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu.

<u>Fíorú agus Coimircí</u>

Déanfar measúnú sa tionscadal ar na sásraí atá ann cheana agus ar shásraí nua a bheadh ábhartha maidir le limistéar saor ó airm ollscriosta a bhunú sa Mheánoirthear, agus raon feidhme sonrach agus dálaí polaitiúla sonracha an réigiúin á gcur san áireamh. Beidh san áireamh leis sin iniúchadh ar na dúshláin dhlíthiúla, theicniúla agus institiúideacha a bhaineann le féachaint chuige gur gníomhaíochtaí síochánta go heisiach a bheidh i gcónaí sna gníomhaíochtaí sin atá íogair agus nach gcuirfidh siad le rioscaí na n-arm ollscriosta.

Tacóidh an tionscadal le rannpháirtíocht réigiúndhírithe as measc saineolaithe beartais, dlíthiúla agus teicniúla le go bhféadfaidh siad riachtanais fíorúcháin a phlé, chomh maith le cuir chuige forbartha muiníne, agus a mhéid a foghlaimíodh ó thaithí ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus é mar aidhm leis cineálacha cur chuige atá oiriúnach do chomhthéacs an Mheánoirthir a shainaithint.

Éascóidh an tionscadal freisin rannpháirtíocht struchtúrtha beartasdhírithe i measc pobail taidhleoireachta, theicniúla agus dhlíthiúla chun coincheapa fíorúcháin le haghaidh limistéar saor ó airm ollscriosta a bheadh ann amach anseo a fhiosrú. Leis na gníomhaíochtaí sin, neartófar an tuiscint ar dhúshláin fíorúcháin, cothófar idirphlé trasdisciplíneach, agus scrúdófar an ról a bheadh ag uirlisí agus ag cleachtais sheanbhunaithe agus ag uirlisí agus cleachtais atá ag teacht chun cinn chun tacú leis an trédhearcacht agus leis an gcomhlíontacht.

Fothú acmhainneachta trí fhóraim saineolaithe, le rannpháirtíocht na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA), na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (ETFA) agus Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Coinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (CABT), Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha, agus samhlacha réigiúnacha ábhartha eile chun riachtanais fíoraithe réigiúnacha agus uirlisí forbartha muiníne a phlé.

Faoin raon sin gníomhaíochtaí, cuirfear a***on páipéar amháin taighde agus aon bhileog amháin eolais*** i dtoll a chéile, faoi chuimsiú an tionscadail, ina gcaithfear súil ghéar ar na sásraí fíorúcháin atá ann cheana agus ar shásraí fíorúcháin a bheadh ábhartha maidir le limistéar saor ó airm ollscriosta sa Mheánoirthear a bhunú, agus aird ar leith á tabhairt ar bhreithnithe dlíthiúla, teicniúla agus institiúideacha a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs réigiúnach. Tionólfar ***aon cheardlann amháin fothaithe acmhainneachta*** freisin, faoi chuimsiú an tionscadail, ina dtabharfar saineolaithe taidhleoireachta, teicniúla agus dlíthiúla le chéile chun treisiú leis an tuiscint réigiúnach ar dhúshláin fíorúcháin, chun idirphlé trasdisciplíneach a chur chun cinn, agus chun féachaint ar chuir chuige forbartha muiníne is infheidhme maidir le limistéar saor ó airm ollscriosta a bheadh ann amach anseo.

**<u>Na Páirtithe Leasmhara a bheidh i gceist</u>**

Cuideoidh an tionscadal atá beartaithe lena bhfuil á dhéanamh ar bhonn réigiúnach agus idirnáisiúnta dul i mbun na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm. Cuirfidh sé leis an líonra a bunaíodh ag an gcéim roimhe seo agus coinneoidh sé an leanúnachas leis na comhpháirtithe atá ann cheana agus méadóidh sé an rannpháirtíocht, ag an am céanna, chun úinéireacht réigiúnach a dhoimhniú agus chun na gníomhaithe nua atá ag teacht chun cinn sa réimse a chur san áireamh. Is orthu seo a leanas a bheifear ag díriú:

- Lucht ceaptha beartas agus taidhleoirí a bheidh ag plé leis an dí-armáil, leis an neamhleathadh agus leis an rialú arm laistigh den réigiún féin agus níos faide i gcéin. Sa ghrúpa sin tá oifigigh réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus iad siúd atá gníomhach ar ardáin réigiúnacha agus iltaobhacha, amhail cruinnithe na Stát is Páirtithe agus Comhdhálacha Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, CWC, agus CABT, Comhdhálacha Ginearálta GIFA, agus Comhdháil LSÓAOS an Mheánoirthir.

- Saineolaithe réigiúnacha ó ghníomhaireachtaí rialtais, ollscoileanna, institiúidí taighde agus meithleacha machnaimh.

PUBLIC

- Taighdeoirí slándála idirnáisiúnta atá dírithe ar an rialú arm, ar dhí-armáil arm núicléach, ceimiceach agus bitheolaíoch agus a gcórais seachadta sa Mheánoirthear, agus freisin ar ábhair amhail LSÓAOS an Mheánoirthir agus slándáil réigiúnach nó teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.
- Scoláirí, cleachtóirí, saineolaithe atá ag teacht chun cinn, agus eagraíochtaí speisialaithe na sochaí sibhialta sa Mheánoirthear a bhfuil gníomhaíochtaí acu atá ábhartha do LSÓAOS an Mheánoirthir agus a rannchuidíonn leis.

PUBLIC

**<u>Tionchar</u>**

An tionscadal seo atá beartaithe, is é an t-aon ardán é a bheidh dírithe ar thaighde ar LSÓAOS an Mheánoirthir a chur chun cinn, a éascú agus a dhéanamh. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí agus do thorthaí an tionscadail straitéisí a shainaithint chun leathadh arm ollscriosta sa réigiún a chosc agus a aisiompú, tionscnamh an Limistéir úd a threisiú, agus inbhuanaitheacht chonradh an Limistéir a áirithiú a luaithe a chuirfear bailchríoch air. Ina theannta sin, cuirfidh an tionscadal spriocanna chun cinn a bheidh ag teacht le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh a leagtar amach i Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta. Áirítear orthu sin socruithe slándála réigiúnacha agus próisis rialaithe arm a chothú, comhpháirtíochtaí agus comhar a fhorbairt, comhlíonadh agus uiliú conarthaí iltaobhacha amhail NPT, CWC agus CABT a fheabhsú, inmheánú, rannchuidiú le líonraí saineolaithe speisialaithe agus pobail speisialaithe sa réigiún a mhéadú, noirm neamhleata a threisiú, agus oibriú chun tionscnaimh iomadaithe ar údar imní iad a chosc, a dhíspreagadh, a stad nó a dhíothú. Tabharfaidh an tionscadal aghaidh freisin ar na bunchúiseanna agus cuirfidh sé an tslándáil agus an chobhsaíocht fhoriomlán chun cinn sa Mheánoirthear, nithe atá fite fuaite le slándáil na hEorpa.

**<u>Amchlár</u>**

Cuirfear tús leis an tionscadal atá beartaithe i lár mhí Iúil 2026 agus mairfidh sé ar feadh tréimhse 36 mhí. Meastar gur i mí Iúil 2029 a thabharfar cur chun feidhme an tionscadail atá beartaithe chun críche.

**Rannpháirtíocht leis an Aontas agus infheictheacht**

Tá an tAontas ag tacú go gníomhach, le fada an lá anois, le tionscnamh LSÓAOS an Mheánoirthir. Léiríodh an tiomantas sin le tionscnaimh leanúnacha cothaithe muiníne, le seimineáir, agus le tionscadail arna gcistiú ag an Aontas. Ó thús deireadh an tionscadail, oibreoidh UNIDIR i gcomhar le struchtúir an Aontais agus rachaidh sé i dteagmháil go gníomhach le Seirbhís Gníomhaíochta Seachtraí an Aontais, mar an príomh-idirghabhálaí, agus le Buantoscaireachtaí an Aontais chuig na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv, i Vín agus i Nua-Eabhrac. Le cois táirgí i scríbhinn a fhoilsiú i gcomhréir le treoirlínte infheictheachta an Aontais, beidh an tAontas feiceálach ag gach imeacht arna chomheagrú ag UNIDIR, lena n-áirítear trí ráitis tosaigh agus/nó deiridh a chur ar fáil, trí mhodhnóireacht a dhéanamh, nó trí rannchuidiú mar shaineolaí. Mura n-iarrfaidh an tAontas a mhalairt, déanfaidh UNIDIR gach beart is gá chun a phoibliú gurb é an tAontas a chistigh an tionscadal agus chun béim a leagan ar ról an Aontais sa ghníomhaíocht sin. Bainfear úsáid as suaitheantas agus ráitis mhaoiniúcháin an Aontais chun láithreacht an Aontais a aithint agus chun a chinntiú go mbeidh sé feiceálach. Áiritheofar leis sin go mbeidh tacaíocht airgeadais an Aontais don ghníomhaíocht infheicthe, trédhearcach agus dea-bhrandáilte.

**Eintiteas agus comhpháirtí cur chun feidhme**

Institiúid uathrialach é UNIDIR laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe a chuireann taighde neamhspleách ar fáil maidir le dúshláin phráinneacha dhomhanda a bhaineann leis an dí-armáil, le rialú arm agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus é mar aidhm aige idirphlé cuimsitheach a chur chun cinn chun teacht ar réitigh chruthaitheacha éifeachtacha. Tá an Institiúid ag plé le LSÓAOS an Mheánoirthir ó bhí na 1990idí ann, agus tá sé i mbun taighde agus i mbun oibre air ó shin.

Tá caidrimh agus comhar fónta iontaofa idir UNIDIR agus stáit an Mheánoirthir agus eagraíochtaí réigiúnacha an Mheánoirthir. Tá cáil na neodrachta, na hoibiachtúlachta agus na neamhchlaontachta ar an taighde a dhéanann UNIDIR.

---



PUBLIC